



RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/330 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Feabhra 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2754 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha nua atá deartha chun daoine a iompar, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, tar éis páirt-athbhreithniú eatramhach de bhun Airteagal 19(2) de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ⁽¹⁾ ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagail 13, 15 agus 19 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Imscrúduithe a rinneadh roimhe seo agus na bearta atá i bhfeidhm

- (1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2754 ón gCoimisiún ⁽²⁾, d'fhorchuir an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') dleachtanna frithchúitimh ar allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha nua atá deartha chun daoine a iompar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('na bearta bunaidh'). An t-imscrúdú ar forchuireadh na bearta bunaidh mar thoradh air, gairfear 'an t-imscrúdú bunaidh' anseo feasta dó.
- (2) Luadh in aithris 1422 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2754 thuasluaite go bhféadfaí réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach, *inter alia*, le táirgeoirí onnmhairiúcháin aonair a shainaithint agus a chur chun feidhme fiú tar éis bearta cinntitheacha a fhorchur. Sa chomhthéacs sin, fuair an Coimisiún tairiscint gealltanais ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin an táirge lena mbaineann, Volkswagen (Anhui) Automotive Co., Ltd. ('VW (Anhui)').

1.2. Athbhreithniú eatramhach a thionscnamh

- (3) Arna chinneadh don Choimisiún, tar éis dó an Coiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ a chur ar an eolas, gur leor an fhianaise a bhí ann maidir leis na critéir ábhartha a leagtar amach in Airteagail 13 agus 19 de den bhun-Rialachán, thionscain sé páirt-athbhreithniú eatramhach ar a thionscnamh féin an 4 Nollaig 2025 maidir le hallmhairí feithiclí ceallra-leictreacha nua isteach san Aontas atá deartha chun daoine a iompar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tír lena mbaineann') ar bhonn Airteagal 19(2) den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ⁽⁴⁾ ('an fógra tionscnaimh').
- (4) Tá raon feidhme an pháirt-athbhreithnithe eatramhaigh teoranta don scrúdú ar fhoirm an bhirt agus, go sonrach, don scrúdú ar inghlacthacht agus praiticiúlacht gealltanais a thairg VW (Anhui), táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne.

⁽¹⁾ IO L 176, 30.6.2016, lch. 55, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1037/oj>.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2754 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha nua atá deartha chun daoine a iompar, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L, 2024/2754, 29.10.2024. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2754/oj).

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2025/6545/oj>).

⁽⁴⁾ Fógra tionscnaimh maidir le páirt-athbhreithniú eatramhach ar na bearta frithchúitimh is infheidhme maidir le hallmhairí feithiclí ceallra-leictreacha nua atá deartha chun daoine a iompar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO C, C/2025/6545, 4.12.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2025/6545/oj>).

1.3. Páirtithe leasmhara

- (5) San fhógra tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara dul i dteagmháil leis an gCoimisiún chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Bhí deis ag na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh an athbhreithnithe eatramhaigh, maidir leis an gealltanais a thairg an táirgeoir onnmhairiúcháin agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála.

1.4. An nós imeachta ina dhiaidh sin

- (6) Fuarthas barúlacha maidir leis an tionscnamh ó Rialtas na Síne, ó Chomhlachas Tráchtála na Síne um Allmhairiú agus Onnmhairiú Innealra agus Táirgí Leictreonacha ('CCCME') agus ó Volkswagen (Anhui) in éineacht lena allmhairiú agus comhlachaithe san Aontas, SEAT S.A. Tugadh aghaidh ar na barúlacha mar a leagtar amach sna haithrisí seo a leanas. Níor iarr aon cheann de na páirtithe leasmhara éisteacht ar thionscnamh an imscrúdaithe.
- (7) Mhaígh Rialtas na Síne agus CCCME go raibh réiteach cuimsitheach a léiríonn seasamh comhchoiteann an tionscail molta cheana féin ag CCCME, thar ceann an ghrúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne. Cháin siad an Coimisiún as páirt a ghlacadh i bplé déthaobhach le fiontair aonair. Chuir Rialtas na Síne i dtábhacht gur cheart don Choimisiún cloí go docht le prionsabal an neamh-idirdhealaithe agus leanúint dá idirphlé le húdaráis na Síne. Ar deireadh, d'iarr an dá pháirtí ar an gCoimisiún tuilleadh sonraí a nochtadh maidir le téarmaí an ghealltanais a thairg VW (Anhui).
- (8) Mheabhraigh an Coimisiún go luaitear in Airteagal 13(1)(b) den bhun-Rialachán gur féidir le haon onnmhairiú gealltanais a thabhairt 'a phraghsanna a athbhreithniú [...] fad a thairbhíodh onnmhairithe den sórt sin d'fhóirdheontais in-fhrithchúitithe, má dhíothaítear éifeacht dhíobhálach na dumpála dá bhrí sin'. Aithnítear é sin freisin in aithris 1422 den Rialachán cinntitheach, ina luaitear táirgeoirí onnmhairiúcháin aonair go sainráite freisin.
- (9) Sa chás sonrach sin, fuair an Coimisiún tairiscint gealltanais ó chuideachta aonair ina raibh eilimintí leordhóthanacha chun go measfaí iad a bheith indéanta agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13 den bhun-Rialachán, a bhí mar bhonn le tionscnamh an athbhreithnithe reatha. Ba é sin an t-aon tairiscint gealltanais a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin go foirmiúil ó forchuireadh na bearta frithchúitimh cinntitheacha. Dá bhrí sin, ní féidir a mheas go bhfuil cur chuige an Choimisiúin idirdhealaitheach, ós rud é nach raibh aon chás comhchosúil eile ann ar cheart déileáil leis ar an mbealach céanna. Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.
- (10) A mhéid a bhaineann leis an iarraidh ó na páirtithe sin tuilleadh sonraí a nochtadh maidir leis an tairiscint gealltanais, meabhraigh an Coimisiún gur cuireadh leagan oscailte mionsonraithe den tairiscint gealltanais ar fáil do na páirtithe leasmhara uile agus gur lig sé do pháirtithe leasmhara tuiscint réasúnta a fháil ar shubstaint na faisnéise a soláthraíodh faoi rún de réir bhrí Airteagal 13(4) agus Airteagal 29(2) den bhun-Rialachán. Mheabhraigh an Coimisiún freisin, i gcomhréir le hAirteagal 29(5) den bhun-Rialachán, nach nochtfaidh sé aon fhaisnéis a fuair sé de bhun an bhun-Rialacháin ar iarraidh go ndéileálfaí léi i modh rúin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don iarraidh tuilleadh faisnéise a sholáthar maidir le heilimintí na tairisceana gealltanais.
- (11) D'athdhearbhaigh VW (Anhui) ina mbarúlacha príomhghnéithe an ghealltanais a tairgeadh, agus tháinig sé ar an gconclúid go gcomhlíonann, dar leis, an tairiscint gealltanais na critéir a leagtar amach in Airteagal 13 den bhun-Rialachán.
- (12) An 12 Eanáir 2026, nocht an Coimisiún na bunfhíoraí agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a bhí sé beartaithe aige glacadh leis an ngealltanais a thairg VW (Anhui) agus, ar an gcaoi sin, an rialachán lena bhforchuirtear bearta cinntitheacha a leasú. Tugadh tréimhse do na páirtithe leasmhara uile ina raibh siad in ann a mbarúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh.
- (13) Tar éis an nochtadh, chuir Rialtas na Síne agus VW (Anhui) in éineacht le SEAT S.A. a mbarúlacha ar fáil. Bhreithnigh an Coimisiún na barúlacha a thug na páirtithe leasmhara agus chuir sé san áireamh iad, i gcás inarb iomchuí

- (14) D'athdhearbhaigh Rialtas na Síne ina n-aighneacht na barúlacha a chuir sé isteach cheana féin tráth thionscnamh an imscrúdaithe agus chuir sé i dtábhacht gur cheart don Choimisiún cloí le prionsabal an neamh-idirdhealaithe agus le rialacha EDT, agus meastóireacht a dhéanamh ar gach iarratas ar ghealltanais i dtaca le praghsanna ó fhiontair de chuid na Síne ar bhealach oibiachtúil neamhchlaonta. D'iarr Rialtas na Síne freisin ar an gCoimisiún tuilleadh sonraí a nochtadh maidir le clásail gealltanais praghsanna na gcuideachtaí ábhartha.
- (15) Ós rud é nár chuir Rialtas na Síne aon argóinteacht nua ar fáil maidir leis na fíorais agus na breithnithe a chuirtear i láthair sna haithrisí thuas, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí 8 go 10. Mar a leagtar amach cheana in aithris 10, i gcomhréir le hAirteagal 29(5) den bhun-Rialachán, ní nochtfaidh an Coimisiún aon fhaisnéis a fuair sé de bhun an bhun-Rialacháin ar iarradh go ndéileálfai léi i modh rúin. Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún gur diúltáíodh don iarraidh ar fhaisnéis bhreise a sholáthar.
- (16) Chuir VW (Anhui) agus SEAT S.A. i dtábhacht ina n-aighneacht chomhpháirteach maidir leis an nochtadh deiridh gur chuir siad na hullmhúcháin chun cinn chun an gealltanais beartaithe a chur i bhfeidhm. D'athdhearbhaigh na cuideachtaí a dtiomantas téarmaí uile na tairisceana gealltanais a chomhlíonadh.
- (17) Níor iarr aon cheann de na páirtithe éisteacht.
- (18) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún glacadh leis an tairiscint gealltanais le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/328 ón gCoimisiún ⁽⁹⁾
- (19) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bhunaítear le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2754

1. In Airteagal 1(2):

'Cuideachtaí comhoibríocha eile (larscríbhinn)	20,7 %'
--	---------

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad sin:

'Cuideachtaí comhoibríocha eile (larscríbhinn I)	20,7 %'
--	---------

2. Cuirtear na hAirteagail 2a agus 2b nua seo a leanas isteach:

'Airteagal 2a

1. Allmhairí a dhearbhaítear lena scaoileadh chun saorchúrsaíochta, beidh siad díolmhaithe ón dleacht frithchúitimh a fhorchuirtear le hAirteagal 1, ar choinníoll go ndéanann cuideachta iad a mhonarú, a loingsiú agus a shonrascadh, cuideachta óna nglacann an Coimisiún le gealltanais agus a liostaítear a hainm i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/328 ón gCoimisiún, agus gur allmhairíodh iad i gcomhréir le forálacha an Chinnidh Cur Chun Feidhme chéanna.

⁽⁹⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/328 ón gCoimisiún an 9 Feabhra 2026 lena nglactar le gealltanais arna thairiscint i ndáil leis na bearta frith-fhóirdheontais a bhaineann le hallmhairí feithiclí ceallra-leictreacha nua atá deartha chun daoine a iompar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ar feadh thréimhse cur i bhfeidhm na mbeart cinntitheach (IO L, 2026/328, 10.2.2026, ELI http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2026/328/oj).

2. Beidh na hallmhairí a luaitear i mír 1 díolmhaithe ón dleacht frithchúitimh ar choinníoll:
- (a) i gcás allmhairí den sórt sin, cuirtear dearbhú gealltanais faoi bhráid lucht custaim, ina bhfuil ar a laghad na heilimintí a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo; agus
- (b) na hearraí a dhearbhaítear agus a chuirtear faoi bhráid lucht custaim, comhfhreagraíonn siad go beacht don tuairisc ar an dearbhú gealltanais agus ar an sonrasc tráchtála araon a bhaineann leis an gcoinsíneacht allmhairiúcháin a dhearbhaítear lena scaoileadh chun saorchúrsaíochta.

Tabhófar fiach custaim tráth a ghlacfar leis an dearbhú maidir le scaoileadh chun saorchúrsaíochta:

- (a) aon uair a shuífear, maidir le hallmhairí a shonraítear i mír 1, nach bhfuil ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha a liostaítear sa mhír sin agus i mír 2 á chomhlíonadh; nó
- (b) nuair a tharraingíonn an Coimisiún siar glacadh an ghealltanais de bhun Airteagal 13(9) de Rialachán (AE) 2016/1037 i Rialachán nó i gCinneadh ina dtagraítear d'idirbhearta áirithe agus ina ndearbhaítear go bhfuil sonraisc an ghealltanais ábhartha neamhbhailí.

Airteagal 2b

Cuideachta óna nglacann an Coimisiún le gealltanais agus a liostaítear a hainm i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/328 ón gCoimisún agus atá faoi réir coinníollacha áirithe a shonraítear ann, eiseoidh sí sonrasc freisin le haghaidh idirbhearta nach bhfuil díolmhaithe ón dleacht frithchúitimh. Is sonrasc tráchtála é an sonrasc seo ina bhfuil ar a laghad na heilimintí a shonraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.'

3. Athainmnítear an Iarscríbhinn mar 'Iarscríbhinn I'. Cuirtear isteach Iarscríbhinní II agus III nua i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Feabhra 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Cuirtear Iarscríbhinní II agus III nua le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2754 mar a leanas:

‘IARSCRÍBHINN II

Sa Dearbhú Gealltanais a chumhdaíonn díolacháin earraí na Cuideachta leis an Aontas Eorpach, earraí atá faoi réir an Ghealltanais, tabharfar na heilimintí seo a leanas le fios:

- (1) An ceanteideal ‘DEARBHÚ GEALLTANAIS A CHUMHDAÍONN EARRAÍ FAOI RÉIR GEALLTANAIS’;
- (2) Ainm na Cuideachta a eisiónn an Dearbhú Gealltanais;
- (3) An uimhir Sonraisc Tráchtála lena mbaineann an Dearbhú Gealltanais;
- (4) Dáta eisiúna an tSonraisc Tráchtála lena mbaineann an Dearbhú Gealltanais;
- (5) An cód breise TARIC faoina bhfuil imréiteach custaim le fáil i leith na n-earraí a chumhdaítear leis an Dearbhú Gealltanais ag teorainn an Aontais Eorpaigh (mar a shonraítear sa Rialachán lena bhforchuirtear an dleacht frithchúitimh chinntitheach);
- (6) An tuairisc bheacht i dteanga shoiléir ar na hearraí agus:
 - Cód TARIC,
 - cainníocht (le tabhairt in aonaid arna sloinneadh i líon feithiclí);
- (7) Ainm na Cuideachta atá ag gníomhú mar allmhaireoir dá n-eisiónn an Chuideachta an sonrasc go díreach.
- (8) Ainm oifigeach na Cuideachta a d’eisigh an Dearbhú Gealltanais agus an dearbhú sínithe seo a leanas:

“Deimhnímse, a bhfuil mo shíniú thíos, go bhfuil na hearraí a chumhdaítear leis an Dearbhú Gealltanais seo á ndíol le haghaidh onnmhairiú díreach chuig an Aontas Eorpach laistigh de raon feidhme an Ghealltanais agus faoi théarmaí an Ghealltanais a thairg [Cuideachta], agus a ghlac an Coimisiún Eorpach leis trí [Rialachán] [Cinneadh]. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis arna cur ar fáil ar an Dearbhú Gealltanais seo.”

Thairis sin, beidh ag gabháil leis an Dearbhú Gealltanais sonraí ábhartha na hiarrata ar rianú coinsíneachta arna n-eisiúint faoi ardán TRON ag ARD-STIÚRTHÓIREACHT UM AN TRÁDÁIL AGUS SLÁNDÁIL EACNAMAÍOCH an Choimisiúin Eorpaigh.

IARSCRÍBHINN III

Sa Sonrasc Tráchtála a ghabhann le díolacháin earraí na Cuideachta leis an Aontas Eorpach, earraí atá faoi réir na ndleachtanna frithchúitimh, tabharfar na heilimintí seo a leanas le fios:

- (1) An ceanteideal “SONRASC TRÁCHTÁLA A GHABHANN LE HEARRAÍ FAOI RÉIR DLEACHTANNA FRITHCHÚITIMH”;
- (2) Ainm na Cuideachta a eisiónn an Sonrasc Tráchtála agus ainm na Cuideachta a mhonaraíonn na hearraí;
- (3) An uimhir Sonraisc Tráchtála;
- (4) Dáta eisiúna an tSonraisc Tráchtála;
- (5) Cód breise TARIC faoina bhfuil imréiteach custaim le fáil i leith na n-earraí sa sonrasc ag teorainn an Aontais Eorpaigh;
- (6) An tuairisc bheacht i dteanga shoiléir ar na hearraí agus:
 - sonraíochtaí teicniúla chóduimhir tháirge na cuideachta,
 - códuimhir tháirge na cuideachta,
 - cód TARIC,
 - cainníocht (le tabhairt in aonaid arna sloinneadh i líon feithiclí);

- (7) Tuairisc ar théarmaí an díolacháin, lena n-áirítear:
- an praghas iomlán,
 - na téarmaí íocaíochta is infheidhme,
 - na téarmaí seachadta is infheidhme,
 - lascaí agus lacáistí iomlána.
- (8) Ainm agus síniú oifigeach na Cuideachta a d'eisigh an Sonrasc Tráchtála.'
-